



## Ceisteanna Samplacha; Agallamh do leas-Phríomhoide

### Fáiltiú an Chathaoirligh:

Cuir baill an bhoird agallaimh in aithne don iarratasóir agus mínigh leagan amach an agallaimh. Deimhnigh an cineál folúntais agus dáta tosaithe an ról leis an iarratasóir.

#### Ceist Riachtanach:

An mbeidh tú sásta tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil sa Ghaeilge má iarrtar ort?

### 1. An Duine Féin, Cáilíochtaí & Stair Oibre

- Cad a bhíonn i gceist le “scoil mhaith”?
- Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh an ról seo?
- Cá bhfeiceann tú tú féin faoi cheann 5 bliana?
- Cé na láidireachtaí agus na laigí atá agat?
- Cé na cuspóirí gur mhaith leat a bhaint amach faoi cheann 6 mhí sa ról seo?
- Cén caighdeán Gaeilge atá agat?
- Inis dúinn faoi aon bhua speisialta atá agat. Conas a d’úsáidfeá an bua/scil seo chun cur leis an scoil?
- An dtabharfá linn tríd do CV le do thoil?
- An bhfuil aon chúrsaí breise déanta agat a chabhródh leat mar leas-Phríomhoide?
- Cé na cúrsaí CPD atá bainte amach agat go dtí seo & cé na cúrsaí gur mhaith leat tabhairt fúthu?
- Cén réimse den bhainistíocht a bhainfeá tairbhe as tuilleadh traenála ann?

### 2. Taithí Múinteoireachta & Taithí Ceannaireachta

- Céard í an fhadhb is mó ar chas tú léi agus tú ag múineadh?
- Cén taithí ceannaireachta atá agat?
- An dóigh leat go bhfuil aon áit nó ábhar faoi leith sa scoil a bhfuil gá tabhairt faoi láithreach?
- Conas a bheadh sé soiléir do dhaoine eile (taobh istigh agus taobh amuigh den scoil) go bhfuil tú mar chuid den fhoireann inbhainistíochta na scoile?
- Sa litearthacht, conas a mhúsclaíonn tú tuiscint sa léitheoireacht i do chuid múinteoireachta?
- Cad a dhéanann tú i do rang chun suim agus muinín sa Mhata a mhúscailt?
- Tá sé feicthe go mbíonn fadhbanna ag páistí le fadhbanna scríofa sa mhata. Conas a thabharfá faoin dúshlán seo a réiteach?
- Tá an bhéim tar éis bogadh ó cad atá á mhúineadh sa rang go cad atá foghlamtha sa rang. Conas a chinntíonn tú féin go bhfuil gach páiste ag foghlaim?



## Ceisteanna Samplacha; Agallamh do leas-Phríomhoide

- Tá an-bhéim ar OSPS sa churaclam. An bhfuil aon chúrsaí traenála déanta agat i Misneach, Bí Slán, Caomhnú Páistí &rl? An mbeifeá sásta freastal ar chúrsaí dá mbeadh siad ar fáil?
- Cén cur amach atá agat ar an gcuraclam bunscoile nua? An bhfuil aon aiseolas agat ina leith?

### 3. Pleanáil & Riarachán:

- Cén tuiscint atá agat ar na riachtanais phleanála a bheadh ort?
- Cén taithí ábhartha atá agat maidir le riarachán agus bainistíocht?
- Tá a lán páipéarachais ag baint le phost an leas-Phríomhoide idir phleanáil, múineadh agus bainistíocht scoile. An duine eagraithe tú?
- Conas a thugann tú faoi phleanáil?
- Mura mbeidh feabhas léirithe ag dalta tar éis do phleanála, meantóireacht & measúnú, cad í an chéad chéim eile?

### 4. Tuiscint ar dhúshláin an phoist:

- Nuair atá an príomhoide as láthair ón scoil, cén ról a bheadh agat ansin mar leas-phríomhoide? Tabhair samplaí dúinn.
- Cad iad na dúshláin a sheasfadh romhat agus tú sa phost seo? An mbeadh brú ann?
- Inis dom faoi am go raibh ort déileáil le dúshlán ar scoil. Cad a tharla & cad a rinne tú?

### 5. Tuiscint faoi oidí nua-cháilithe agus taithí ICT

- Inis dúinn faoi seifteanna a mholfá do mhúinteoir nua-cháilithe chun déileáil le difríochtaí cumais.
- Cén ról a bheadh agat i leith oidí nua-cháilithe atá ag obair sa scoil?
- Ó thaobh na rollaí de, beidh an-chuid á dhéanamh ar ríomhairí as seo amach- an bhfuil dóthain taithí ríomhaireachta agat chun déileáil leis seo?
- Cén taithí & cé na scileanna ICT atá agat a chabhródh leat sa ról seo?
- Cad iad freagrachtaí na múinteoirí a bhaineann le córas smachta éifeachtach ar scoil?
- Conas a chinntíonn tú go bhfuil gach páiste ag obair ag an leibhéal is fearr dóibh?
- Má tá dalta i rang agus drochiompar leanúnach ar siúl acu, conas a mholfá don mhúinteoir nua-cháilithe dul i ngleic leis?
- Mura bhfuil ag éirí le stráitéisí múinteora le drochiompar a bhainistiú, céard a dhéanfá?

### 6. Ilchineálach:

- Conas a chuireann tú tú féin ar an eolas maidir le polasaithe scoile?
- Mura n-aontaíonn tú le cur chuige éigin i bpolasaí scoile, cad a dhéanann tú?
- Conas is féidir leat mar leas-Phríomhoide, tacú leis an bPríomhoide?
- Céard é ról an phátrúin? Cén eagraíocht atá mar phátrún ar an scoil seo?



## Ceisteanna Samplacha; Agallamh do leas-Phríomhoide

- Dá mbeadh fadhb agat le múinteoir ar an bhfoireann ar cheist bhainistíochta, cad a dhéanfá faoi?
- Conas a théann tú i ngleic le coimhlint?
- An imreoir foirne ar gach bealach tú?
- Inis dúinn faoi aon bhua speisialta atá agat. Conas a d'úsáidfeá an bua/scil seo chun cur leis an scoil? An cabhair duit an scil seo agus tú i do leas-Phríomhoide?
- Cén fíis a bheadh agat don scoil seo amach anseo?

### Críoch:

- An bhfuil aon cheist agat féin nó an bhfuil aon rud eile gur mhaith leat a rá linn?
- Cén fáth gur cheart dúinn an post seo a thabhairt duitse thar aon duine eile?